



Fógra Príobháideachais d'Iarratasóir Poist Don Ghníomhaireacht Tithíochta

Le go nglacfaidh Aan Ghníomhaireacht Tithíochta le d'fhoirm iarratais, ní mór duit toiliú a sholáthar ionas go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann próiseáil a dhéanamh ar d'iarratas poist i gcomhréir le fógra príobháideachais na Ghníomhaireachta maidir le hiarratais poist.

Tugann an Ráiteas Príobháideachais seo ("an Ráiteas seo") eolas don iarratasóir poist ionchasach maidir leis an gcaoi a úsáidfídh An Ghníomhaireacht Tithíochta an t-eolas a chuireann tú faoi bhráid dúinn le linn an phóisis iarratais, ("sonraí iarratais poist").

Coimeádtar na sonraí iarratais poist ar fad a chuireann tú faoi bhráid don Ghníomhaireacht Tithíochta i gcomhréir le beartas coinneála na Ghníomhaireachta.

1. Cén Cineál Eolais A Phróiseáilimid?

Clúdaíonn an Ráiteas seo aon sonraí iarratais poist a chuireann tú faoi bhráid don Ghníomhaireacht Tithíochta, ar nós:

- Ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin, nó aon eolas teagmhála ábhartha eile;
- Eolas i d'fhoirm iarratais, CV nó litir chumhdaigh, ar nós taithí oibre atá agat cheana féin, ionad oibre, oideachas nó eolas eile a sholáthraíonn tú le linn an phróisis iarratais;
- Cineál fostaíochta atá á lorg, tuarastal reatha, tuarastal atá ag taisteáil uait, toilteanas bogadh go háit eile nó aon tosaíochtaí poist; agus
- Ainmneacha agus eolas teagmhála le haghaidh atreorúcháin.

Tá dualgas ar an iarratasóir toiliú a fháil ó mholtóirí sula soláthraíonn siad a sonraí pearsanta don Ghníomhaireacht.

D'fhonn amhras a sheachaint, ní mian leis an nGníomhaireacht aon eolas rúnda nó dílsithe (paitinnithe) a fháil a bhfuair tú ó d'fhostóirí roimhe seo.

2. Cé A Bheidh In Ann Rochtain A Fháil Ar Do Shonraí?

Ní bheidh rochtain ar do sonraí iarratais poist ach ag fostaithe áirithe de chuid na Ghníomhaireachta Tithíochta, lena n-áirítear bainisteoirí ionchasacha sa todhchaí, fostaithe de chuid na roinne Acmhainní Daonna, TF agus fostaithe áirithe de chuid soláthraithe seirbhíse seachtracha a thacaíonn leis an ngníomhaireacht maidir le riarachán earcaíochta (m.sh. gníomhaireachtaí earcaíochta, aoi-agallóirí seachtracha speisialtóra).

Ní sholáthraíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta aon sonraí d'aon triú páirtí seachas iad siúd aitheanta san alt thuas gan do thoiliú sainráite.

3. Cad Chuige A nÚsáidfear Do Shonraí Iarratais Poist?

Úsáidfeadh na sonraí iarratais poist a sholáthraíonn tú dúinn chun rochtain a fháil ar d'iarratas le haghaidh fostaíochta leis an nGníomhaireacht Tithíochta chun:

- D'eolas a dheimhniú;
- Seiceálacha tagartha a chur ar bun; agus
- Cumarsáid a dhéanamh leat le linn an phróisis iarratais.

Má ghlacann tú le fostaíocht leis an nGníomhaireacht Tithíochta, coimeádfar an t-eolas a bhaileofar mar chuid ded'thaifeadh fostaíochta agus úsáidfeadh é le haghaidh fostaíochta.

4. Cearta Ábhar Sonraí

Faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), tá ábhair shonraí go ndéanann an Gníomhaireacht Tithíochta próiseáil ar a sonraí i dteideal cearta áirithe a fheidhmiú i gcoinne phróiseáil a sonraí pearsanta, lena n-áirítear iarratasóirí poist chuig an nGníomhaireacht.

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh chun aon cheann de na cearta seo a fheidhmiú, saor in aisce, trí theagmháil a dhéanamh leis an dpo@housingagency.ie.

Go hiondúil, chun aon cheann de na hiarratais seo leanas a chur ar aghaidh, iarraidimid ort foirm aitheantais a sholáthar chun críocha deimhniúcháin.

An ceart a bheith ar an eolas

Tá ceangal ar an nGníomhaireacht Tithíochta a dheimhniú go soláthraítear aon chumarsáid maidir lenár ngníomhaíochtaí próiseála sonraí idir sinne agus aon duine is ábhar do na sonraí ar bhonn soiléir agus trédhearcach. Soláthraítear é seo leis an bhFógra Príobháideachais seo.

An ceart ar rochtain

Tá tú i dteideal cóip a iarraidh de na sonraí pearsanta ar fad a choimeádtar fút faoi láthair maraon leis an eolas seo leanas i leith do shonraí:

- An cuspóir próiseála;
- Na catagóirí de shonraí pearsanta atá i gceist;
- Na faighteoirí lena nochtadh na sonraí pearsanta;
- An tréimhse coinneála/an tréimhse coinneála measta do na sonraí pearsanta;
- Suíomh na sonraí pearsanta dá mba rud é gur bhailigh triú páirtí iad.

An ceart ar choigeartú

Má chreideann tú go bhfuil na sonraí pearsanta atá inár seilbh fút míchruinn nó easnamhach, is féidir leat an ceart a fheidhmiú chun na sonraí pearsanta seo a cheartú nó a chomhlánú. Is féidir an ceart seo a úsáid leis **an ceart ar phróiseáil a theorannú** chun deimhniú nach bpróiseáiltar aon sonraí pearsanta atá míchruinn nó easnamhach go dtí go gceartaítear iad.

An ceart ar scriosadh (an ceart “bheith ligthe i ndearmad”)

Is féidir leat a iarraidh go scriosfar aon sonraí pearsanta atá inár seilbh fút gan rómhoill sa chás go bhfuil ceann de na cúinsí seo leanas i gceist:

- Níl na sonraí pearsanta riachtanach níos mó maidir le na cuspóirí chuig gur bailíodh iad nó gur próiseáladh iad seachas sin;
- Tarraingíonn an duine is ábhar do na sonraí siar toiliú agus níl aon bhunús dleathach eile ann maidir le próiseáil;
- Feidhmíonn an duine is ábhar do na sonraí an ceart ar chur in éadan agus níl aon bhunús dlisteanach sáraitheach ann le haghaidh próiseála;
- Próiseáladh na sonraí pearsanta go neamhdhleathach;
- Caithfear na sonraí pearsanta a scrios chun oilbeagáid dhlíthiúil sháraitheach a chomhlíonadh;
- Bailíodh na sonraí pearsanta maidir leis an tairiscint de chuid seirbhísí faisnéise pobail.

An ceart ar phróiseáil a theorannú

Mar rogha ar an gceart ar scriosadh, féadfaidh tú iarraidh orainn deireadh a chur le próiseáil do shonraí pearsanta, ach gan iad a scriosadh go hiomlán, sa chás go bhfuil ceann de na cúinsí seo leanas i gceist:

- Tá cruinneas na sonraí pearsanta in amhras;
- Tá próiseáil na sonraí pearsanta neamhdhleathach;
- Níl gá níos mó leis na sonraí pearsanta le haghaidh próiseála, ach tá siad fós riachtanach mar chuid de phróiseas dleathach;
- Tá an ceart ar chur in éadan feidhmithe go rathúil agus tá stop curtha le próiseáil go sealadach go dtí go ndéanfar cinneadh ar stádas na próiseála.

An ceart ar inaistritheacht na sonraí

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh do shonraí pearsanta a aistriú go rialaitheoir nó próiseálaí i bhformáid choitianta, measín-inléite. Ní féidir an ceart seo a fheidhmiú ach nuair atá na cúinsí seo leanas ar fad i gceist:

- Bhí an phróiseáil ar bhonn toilithe;
- Déantar an phróiseáil trí mhodh uathoibríthe; agus
- Tá an phróiseáil ar mhaithe le hoibleagáid chonartha a shásamh.

An ceart ar chur in éadan

Is féidir leat an ceart ar chur in éadan a fheidhmiú i gcúinsí nuair atá:

- An phróiseáil bunaithe ar fheidhmiú chúraim poiblí nó spéis dhlisteanach;
- An phróiseáil chun críocha margaíochta díreacha;
- An phróiseáil chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil; nó
- Baineann an phróiseáil le cinnteoireacht uathoibríthe, lena n-áirítear próifíliú.

Tabharfar freagra d'aon iarratas a dhéanann duine is ábhar do na sonraí laistigh de mhí amháin. Coimeádaimid an ceart áfach chun diúltiú nó táille riaracháin a lorg chun aon cheann de na hiarratais thuas a chur ar aghaidh má dhéantar iad ar bhonn fánach, cráiteach nó iomarcach. Cuirfimid ar an eolas tú má tá táille riaracháin á chur i bhfeidhm sula gcomhlíonfaimid d'iarratas, ionas gur féidir leat cinneadh a dhéanamh maidir le leanúint ar aghaidh.

Má tá tú míshásta faoi láimhseáil iarratais a dhéanann tú leis an nGníomhaireacht Tithíochta nó má chreideann tú nach bhfuil an Gníomhaireacht Tithíochta ag comhlíonadh a n-oibleagáidí cosanta sonraí, tá an ceart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

5. Cé Chomh Fada A Choimeádfar do Shonraí Iarratais Poist?

Stórálfar do shonraí iarratais poist inár mbunachar iarratasóra go ceann dhá (2) bhliain ó dháta d'aighneachta is déanaí de shonraí iarratais poist. D'fhéadfaimis teagmháil a dhéanamh leat i dtaca le deiseanna fostaíochta a thíocfadh chun cinn sa todhchaí sa chás nach mbíonn rath ar d'iarratas bunaidh

6. Sonraí Teagmhála agus Oifigeach Cosanta Sonraí

Tá an Gníomhaireacht Tithíochta tar éis Trilateral Research Teoranta a cheapadh go cuí mar an Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS). Má tá gá agat teagmháil a dhéanamh leis an OCS go díreach, féadfaidh tú é seo a dhéanamh ar an teileafóin nó trí ríomhphost.

Teil: +353 01 657 1978

Ríomhphost: dpo@housingagency.ie

Tá oifig cláraithe an OCS suite i:

Trilateral Research Teo
Marine Point, 2^ú Urlár,
Calafort Belview, Port Láirge, X91 W0XW